RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1805 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2021

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de shlata sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 703/2009 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht chinntitheach frithdhumpála ar allmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("na bearta bunaidh"). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh de thoradh air, tagrófar dó mar "an t-imscrúdú bunaidh" ina dhiaidh seo.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1846 ([3]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach na bearta frithdhumpála cinntitheacha maidir le hallmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga (an "t-athbhreithniú éaga roimhe seo").

(3) Na bearta a forchuireadh, is bearta iad a bhí i bhfoirm ráta *ad valorem* ar fud na tíre ag 24 %, áit a bhfuair grúpa amháin cuideachtaí ("Grúpa Valin") ráta dleachta aonair 7,9 %.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag ([4]) atá ar tí tarlú, fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den "bhun-Rialachán".

(5) An 14 Iúil 2020 rinne Comhlachas Eorpach na Cruach ("EUROFER"), ("an t-iarratasóir") iarraidh thar ceann na dtáirgeoirí a bhfuil tuairim agus 60 % de tháirgeacht iomlán slat sreinge an Aontais acu. Is ar an bhforas gur dócha go ndéanfaí dumpáil arís dá rachadh na bearta in éag a bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe, agus gur dócha go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) OJ L 203, 5.8.2009, p. 1.
([3]) OJ L 268, 15.10.2015, p. 9
([4]) Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe atá ar tí tarlú (IO C 35, 3.2.2020, lch. 3).

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun an t-athbhreithniú éaga a thionscnamh, an 14 Deireadh Fómhair 2020 thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga maidir le hallmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an PRC" nó an tír lena mbaineann) ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5])("an Fógra Tionscnaimh").

1.3.1. *An tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú*

(7) Is í an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 a bhí faoi scáth na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe. San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha don mheasúnú ar an dóchúlacht go leanfaidh an díobháil nó go dtiocfaidh tús léi arís, is í an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go deireadh na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a bhí i gceist ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.3.2. *Páirtithe leasmhara*

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais ar fios iad a bheith buartha faoin imscrúdú ar an athbhreithniú éaga, agus thug cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Níor chuir aon pháirtí leasmhar barúil in iúl ná níor iarr aon pháirtí leasmhar éisteacht.

1.3.3. *Sampláil*

(10) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go mb'fhéidir go samplálfadh sé na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.3.3.1. Sampláil tháirgeoirí an Aontais

(11) An 14 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara gur raibh sampla de tháirgeoirí an Aontais roghnaithe aige go sealadach. Is ar bhonn a mhéid den táirge chomhchosúil a táirgeadh i rith na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe a roghnaigh sé an sampla. Is iad a bhí sa sampla sin ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais. B'ionann táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil agus beagnach 25 % de mhéideanna iomlána measta an táirge chomhchosúil san Aontas agus áirithíodh leis raon maith geografach. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil faoin sampla sealadach a chur in iúl. Níor cuireadh aon bharúil in iúl laistigh de sprioc-am na 7 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin sampla, agus dá réir sin ba dheimhnithe don sampla. Is sampla é atá ionadaíoch ar thionscal an Aontais.

1.3.3.2. Sampláil allmhaireoirí

(12) D'fhonn a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(13) Níor tháinig freagra ó aon cheann de na hallmhaireoirí aitheanta a ndeachthas i dteagmháil leo ar an bhfoirm samplála.

([5]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 342, 14.10.2020, lch. 23).

1.3.3.3. Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta de chuid an táirge atá á athbhreithniú an fhaisnéis atá san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(15) Níor tháinig aon chuideachta ó Dhaon-Phoblacht na Síne chun cinn laistigh den teorainn ama. Dá dhroim sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne trí bhíthin Nóta Bhriathartha an 29 Deireadh Fómhair 2020 go raibh sé beartaithe aige fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a úsáid le linn dó a bheith ag imscrúdú leanúint agus/nó atarlú na dumpála. Níor thug údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne aon fhreagra.

1.3.4. *Ceistneoirí agus cuairteanna fíorúcháin*

(16) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne. Níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir.

(17) Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis ar fad a mheas sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh an dócha go leanfadh an dumpáil agus an díobháil, nó an dócha go dtarlóidís arís, agus chun leas an Aontais a chinneadh.

(18) Ina theannta sin, chuir sé ceistneoirí chuig táirgeoirí samplála an Aontais, agus chuig úsáideoir amháin a tháinig chun cinn. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne an lá a tionscnaíodh iad.

(19) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó na 4 tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó chomhlachas tháirgeoirí an Aontais, agus ó úsáideoir amháin.

(20) I bhfianaise na ráige COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin a chuir Ballstáit éagsúla chomh maith le tríú tíortha éagsúla i bhfeidhm, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag an gcéim shealadach ar áitreabh na n-eintiteas dlíthiúil comhoibritheach seo a leanas.

Táirgeoirí an Aontais

— Saarstahl AG, an Ghearmáin

— Riva Acier S.A.S., an Fhrainc

— Moravia Steel a.s., Poblacht na Seice

— Ferriere Nord S.p.A., an Iodáil

Úsáideoir

— Agrati France S.A.S., An Fhrainc

(21) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún an fhaisnéis gur chuir na páirtithe isteach mar ba cheart (e.g. freagraí ceistneora nó freagraí ar litreacha easnaimh) i gcomhréir leis an bhFógra an 16 Márta 2020 maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([6]).

2. TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **Táirge faoi athbhreithniú**

(22) An táirge atá faoi athbhreithniú, sin é an táirge a bhí i gceist san imscrúdú bunaidh, agus san athbhreithniú ar dhul in éag a bhí ann roimhe seo freisin, eadhon barraí agus slata, iad teo-rollta, ina gcornaí atá tochraiste go neamhrialta, iad déanta as iarann, as cruach neamh-chóimhiotail nó as cruach chóimhiotail seachas as cruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a thagann faoi láthair faoi chóid CN 7213 10 00, 7213 20 00, 7213 91 10, 7213 91 20, 7213 91 41, 7213 91 49, 7213 91 70, 7213 91 90, 7213 99 10, 7213 99 90, 7227 10 00, 7227 20 00, 7227 90 10, 7227 90 50 agus 7227 90 95.

([6]) Fógra maidir le hiarmhairtí na paindéime COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frithchúitimh (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

2.2. **Táirge comhchosúil**

(23) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú;

— an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne;

— an táirge arb é tionscal an Aontais a tháirg é agus a dhíol é.

(24) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

(25) 17 Meitheamh 2021, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe riachtanacha a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun orthu. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(26) Tuairim ó Eurofer an t-aon tuairim amháin a tháinig isteach. Is tuairim é sin a bhí ag teacht le conclúidí an Choimisiúin.

3. **DUMPÁIL**

(27) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún arbh éard ba dhócha go leanfadh Daon-Phoblacht na Síne den dumpáil nó an dtosódh sí ag dumpáil arís de bharr dul in éag do na bearta atá i bhfeidhm.

3.1. **Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(28) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(29) Dá bhrí sin, chun na sonraí a bhailiú, sonraí is gá le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm lá is faide anonn, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí na Síne san Fhógra Tionscnaimh faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Níor thíolaic aon táirgeoir an fhaisnéis a iarradh in Iarscríbhinn III den Fhógra Tionscnaimh.

(30) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne freisin. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

(31) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(32) An 25 Samhain 2020 d'eisigh an Coimisiún an chéad nóta i gcomhair an chomhaid ("an chéad nóta FoP"), nóta inar lorg sé tuairimí ó na páirtithe leasmhara i leith na bhfoinsí ábhartha a bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint astu chun an gnáthluach a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) an dara fleasc den bhunRialachán. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta na dtosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún trí thír ionadaithe féideartha: An Téalainn, an Tuirc agus Peiriú.

(33) D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur in iúl ina leith sin. Fuarthas tuairimí ó iarratasóir amháin, iarratasóir a sholáthair argóintí i gcoinne úsáid na Tuirce mar thír ionadaíoch. Dúirt an t-iarratasóir gurbh é Peiriú an rogha ab fhearr mar thír ionadaíoch dar leis.

(34) Thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha sin sa dara nóta uaidh maidir le comhad an 7 Eanáir 2021 ([7]) ("an dara Nóta FoP"). Chomh maith leis sin, bhunaigh an Coimisiún liosta na dtosca táirgthe, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh í Peiriú an tír ionadaíoch is iomchuí faoi Airteagal 2(6ú)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta Corporación Aceros Arequipa S.A., ("Aceros Arequipa") táirgeoir sa tír ionadaíoch. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt ina leith sin. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil a chuirfeadh i gcoinne roghnú Pheiriú ar an tír ionadaíoch.

3.2. **Neamh-chomhoibriú ar thaobh Dhaon-Phoblacht na Síne**

(35) Faoi mar a luadh in aithris (15), níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín leis an imscrúdú.

(36) Ní dhearna an Daon-Phoblacht na Síne comhoibriú leis an gCoimisiún san imscrúdú seo ach oiread. Rud ba dhíol suntais, níor thug sé freagra ar an gceistneoir ná níor thug sé aghaidh ar an bhfianaise i gcomhad an cháis arna sholáthar ag an iarratasóir, lena n-áirítear an "Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála" ("an Tuarascáil") ([8]). Go deimhin, de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhunRialachán, d'eisigh an Coimisiún an Tuarascáil le faisnéis a thiomsú a thaispeánann go bhfuil idirghabháil shubstainteach rialtais ann ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha san iarraidh athbhreithnithe freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt ar an bhfianaise sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh, sin nó an fhianaise sin a bhréagnú nó í a fhorlíonadh.

(37) Le Nótaí Briathartha an 29 Deireadh Fómhair 2020 agus an 23 Samhain 2020, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne, toisc nach bhfuil aon chomhar ann ó onnmhaireoirí/táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne, agus toisc nach bhfuil aon fhreagra ann ar an gceistneoir ná barúlacha ó Rialtas na Síne, go raibh sé ar intinn aige a chuid torthaí a bhunú ar na fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin go bhféadfadh gur lú buntáiste don pháirtí lena mbaineann a bheadh i dtoradh a bhí bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne barúil a thabhairt faoi sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(38) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfadh den dumpáil nó go dtosódh sé arís a leagtar amach thíos bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Go háirithe, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú agus ar na haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara, in éineacht le foinsí eile faisnéise amhail staitisticí trádála ar allmhairí agus ar onnmhairí (e.g. ó Eurostat agus ó Global Trade Atlas ("GTA") ([9])), mar aon le bunachair sonraí amhail Dún agus Bradstreet ([10]) agus Orbis Bureau van Dijk ([11]).

3.3. **Gnáthluach**

(39) Sna himscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ([12]), rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, gurab iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

([7]) Ba leagan athbhreithnithe den dara nóta den 22 Nollaig 2020 an nóta seo, mar de dheasca dearmaid riaracháin, níor cuireadh barúlacha an iarratasóra san áireamh sa chéad leagan.

([8]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha imscrúduithe cosanta trádála, an 20.12.2017, SWD(2017) 483 final.

([9]) https://www.gtis.com/gta/secure/htscty_wta.cfm.

([10]) https://www.dnb.com/.

([11]) https://orbis4.bvdinfo.com/version-201866/orbis/Companies.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí táite agus feadán táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3).

(40) Sna himscrúdaithe sin, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([13]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a thairgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([14]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([15]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go raibh éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus ó thaobh soláthar na n-amhábhar agus na-ionchur de freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([16]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([17]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([18]) mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ([19]).

(41) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach sa tSín, san imscrúdú seo d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh agus sa Tuarascáil araon ar fhianaise í atá ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, faoi mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(42) Bhí faisnéis san iarratas maidir le héifeachtaí saofa an 13ú Plean Cruach Cúig Bliana ar an tionscal cruach. Ina theannta sin, luaigh sé na torthaí a fuair Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe maidir leis an tionscal cruach ([20]). Ina theannta sin, leag sí béim ar ról Pháirtí Cumannach na Síne sna i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit ([21]) agus ar éifeachtaí saofa na bhfóirdheontas, mar a thuairiscítear i dTuarascáil Tíre an CAI Uimh. 17/248 agus i dtrí dhoiciméad ó Chomhlachas Tráchtála an Aontais Eorpaigh: Tuarascáil Bhliantúil 2016/2017, Monaraíocht sa tSín 2025 agus an Páipéar Seasaimh maidir le Gnó Eorpach sa tSín 2016/2017. Dhearbhaigh an t-iarratas freisin gurb ionann, go bunúsach, an t-ionchur a úsáideadh chun slat sreinge a dhéanamh agus an t-ionchur a úsáidtear chun

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 149 agus 150, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 158 agus 159

([14]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 115 agus 118, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 122 agus 127.

([15]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 119 agus 122, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 128 agus 132: Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na héilimh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí slat sreinge agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 123 go 129, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 133 go 138:

([17]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 130 go 133, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 139 go 142.

([18]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134 agus 135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143 agus 144.

([19]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136 go 145, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 145 go 154.

([20]) Luaigh an t-iarratas Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, stádas na Síne mar gheilleagar neamh-mhargaidh, A-570-053, 26 Deireadh Fómhair 2017, lch. 57.

([21]) Luaigh an gearán an Financial Times: *China"s Communist Party writes itself into company law*, 14 Lúnasa 2017.

cruach charbóin ("HRF") chomhréidh theasrollta a dhéanamh. Dá bhrí sin, san iarraidh a rinne an Coimisiún i Rialachán (AE) 2017/969 ([22]), iarraidh maidir le fóirdheontais do tháirgeoirí acmhainní daonna, is amhlaidh a luadh na torthaí. Dúirt an iarraidh freisin gur deimhníodh na torthaí i dTuarascáil ThinkDesk maidir le fóirdheontais shaofa freisin ([23]). Liostaigh an t-iarratas go háirithe Cearta Úsáide Talún, fuinneamh (leictreachas), iasachtaí tosaíochta, mar aon le tacaíocht eile airgeadais, sin agus saothar. Ina theannta sin, liostaigh sé saobhadh sa mhargadh i gcás cóic agus guail chóic, i gcás amhiarainn, dramhiarainn, agus fearó-chóimhiotal. Ar deireadh, luadh san iarraidh éifeachtaí saofa na tacaíochta fioscaí ar tionscal na cruach, agus luadh na caighdeáin ísle chomhshaoil atá sa tSín.

(43) Faoi mar a tugadh le fios in aithris (37), níor chuir Rialtas na Síne barúlacha in iúl nó níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá faoi chaibidil.

(44) Faoi mar a rinneadh in imscrúduithe eile roimhe seo maidir leis an earnáil cruach sa tSín, d'fhéach an Coimisiún le fáil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Is ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad a rinne an Coimisiún amhlaidh, lena n-áirítear an fhianaise atá sa Tuarascáil, fianaise atá ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. San anailís sin, cumhdaíodh an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, faoi mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(45) Go sonrach, is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun slata sreinge a tháirgeadh. Is faoi úinéireacht an Stáit atá roinnt de na táirgeoirí is mó. Tagraítear go sonrach do chuid díobh sin sa "Phlean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach le haghaidh 2016-2020". Mar shampla, luann Shanxi Taiyuan Iron & Steel Co. Ltd. ("Tisco"), cuideachta Shíneach atá faoi úinéireacht stáit, ar a shuíomh gréasáin gur "mórchuideachta iarainn agus cruach" atá ann "a d'fhorbair ina chóras ollmhór iarainn agus cruach ar mhórscála, atá comhtháite le gnó na mianadóireachta iarainn, agus le táirgeadh, próiseáil, seachadadh agus trádáil iarainn agus cruach" ([24]). Mórchuideachta Shíneach eile atá faoi úinéireacht stáit is ea Baosteel atá i mbun monarú cruach agus atá ina chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd., cuideachta a comhdhlúthaíodh le déanaí (ar a dtugtaí Baosteel Group agus Wuhan Iron & Steel roimhe seo) ([25]). Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad ceithre cinn díobh ([26]). An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % de tháirgeacht iomlán an tionscail in 2016 leis na deich dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú thart ar dheich bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ([27]). Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019 agus é ag fógairt gur eisíodh treoirlínte maidir le comhdhlúthú an tionscail cruach ([28]). D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist leis an gcomhtháthú sin cumaisc éigeantacha na gcuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá ag tearcfheidhmiú ([29]). Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí slat sreinge sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí slat sreinge príobháideacha agus faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú gur fiontair faoi úinéireacht stáit iad roinnt táirgeoirí móra in earnáil na slat sreinge, lena n-áirítear Baoshan, Shougang, Hesteel, Jiangsu Shagang agus Anshan Iron agus Cruach.

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17).

([23]) Tuarascáil ThinkDesk, "Analysis of state-business interaction and subsidization in the hot-rolled flat (HRF) segment of the Chinese steel industry", 28 Feabhra 2016.

([24]) TISCO, "Company profile", http://en.tisco.com.cn/CompanyProfile/20151027095855836705.html (2 Márta 2020 a féachadh seo go deireanach)

([25]) Baowu, "Company profile", http://www.baowugroup.com/en/contents/5273/102759.html (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach)

([26]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit i dtéarmaí táirgthe, agus 44 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha i dtéarmaí acmhainneachta.

([27]) Ar fáil ag: www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach); https://policycn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel-enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach), agus www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).

([28]) Ar fáil ag http://www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach) agus http://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).

([29]) Faoi mar a tharla i gcás an chumaisc idir Rizhao, cuideachta phríobháideach, agus Shandong Iron and Steel, cuideachta faoi úinéireacht stáit, in 2009. Féach an tuarascáil ar chruach Bhéising, lch. 58, agus an leas tromlaigh de China Baowu Steel Group a shealbhaigh Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2 (an dáta deireanach ar breathnaíodh air 6 Bealtaine 2021).

(46) Maidir le GOC a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6ú)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, is éard a bunaíodh san imscrúdú go bhfuil naisc phearsanta ann idir táirgeoirí an táirge atá faoi athbhreithniú agus an contrapháirtí lárnach, amhail comhaltaí de chontrapháirtí lárnach i measc lucht bainistíochta sinsearaí nó comhaltaí an bhoird stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí a mhonaraíonn slata sreinge, lena n-áirítear HBIS Group, Jiangsu Shagang, Anshan Iron agus Cruach, Bao agus Bao (Baangshan).

(47) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí in earnáil na slaite sreinge faoi réir maoirseacht bheartais agus faoi réir treorú. Léirítear sna samplaí seo a leanas an treocht thuas maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála ó Rialtas na Síne san earnáil. Déanann roinnt táirgeoirí slat sreinge gníomhaíochtaí neartaithe páirtí a chur i dtábhacht go sainráite ar a suíomh gréasáin, bíonn comhaltaí den pháirtí ar fhoireann bainistíochta na cuideachta, agus cuireann siad a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht. Léirigh an t-imscrúdú gníomhaíochtaí tógála páirtithe i roinnt táirgeoirí slat sreinge, lena n-áirítear Grúpa HBIS (Hesteel), a chuir béim ar a shuíomh gréasáin ar an tábhacht a bhaineann le coiste na bpáirtithe i bhfeidhmiú na cuideachta. Is cuideachta táirgthe slat sreinge eile é Jiangsu Shagang a mhíníonn: "Ó bunaíodh Shagang 45 bliain ó shin, bhí sé ag síorchur le doimhneas a chuid eolais, ag iarraidh a chion d'obair thógáil an pháirtí a chomhtháthú le heagrú fhorbairt an fhiontair ina iomláine, agus buntáiste an pháirtí a thiontú ina bhuntáiste iomaíoch agus buntáiste forbartha don fhiontar" mar aon leis an méid seo a leanas: "Faoi seo, tá 16 chraobh ghinearálta pháirtí maille le 66 bhrainse páirtí ag Coiste Páirtí Shagang, agus líon na gcomhaltaí páirtí is ionann é agus rud is mó ná 14 % de líon iomlán na bhfostaithe ([30])". Seo a leanas mar a thagraíonn Anshan Iron and Steel Group don tábhacht atá le gníomhaíochtaí thógáil an pháirtí: "Go coincréiteach, is gá cloí le ceannaireacht chuimsitheach an Pháirtí agus í a neartú agus léiriú a thabhairt ar raon feidhme leathnaithe chomhaltaí an Pháirtí agus feasacht idé-eolaíoch na bhfeidhmeannach, i réimse iomlán ghnó agus bhainistíocht an fhiontair, i bpróiseas iomlán an rialachais chorparáidigh, sin agus ag gach céim d'athchóiriú agus d'fhorbairt an fhiontair ([31])". In alt eile, tá an achoimre seo a leanas ar ghníomhaíochtaí tógála páirtí in Anshan: "is é tosaíocht atá ag obair bhrainse an pháirtí freastal ar an ionad agus baill an pháirtí a thabhairt i bpáirt ann. Ón mbliain seo ar aghaidh, tá brainse an pháirtí tar éis cur leis an gclár "Tionscadal na mBall sa Pháirtí Cumannach", bhain sé leas as acmhainneacht inmheánach na bhfostaithe, agus d'oibrigh sé go dian chun cuidiú le fostaithe a gcion a dhéanamh ina bpost. Tá 12 "Thionscadal Ball sa Páirtí Cumannach" forbartha acu, rud ba réiteach i bhfírinne ar na príomhfhadhbanna teicniúla a bhí ag cur srian le táirgeadh; Cuireadh 160 mholadh réasúnaíochta ar fáil, agus rátáladh 2 mhodh oibríochta ardleibhéal i measc modhanna oibríochta ardleibhéal an Ghrúpa. ([32]) Seo a leanas an cur síos atá ag Baoshan (Baosteel) ar ghníomhaíochtaí thógáil an pháirtí: "An phríomhfhreagracht a ghlacadh as an bpáirtí a riar go dian agus go cuimsitheach; Ceannas a ghlacadh ar obair idé-eolaíoch agus pholaitiúil an chomhlachta, ar an obair in aontú na n-oibrithe, ar sibhialtacht spioradálta a thógáil, ar chultúr corparáideach a thógáil agus ar obair an tslua, na ceardchumainn agus Conradh Cumannach na hÓige, mar shampla; Ceannas a ghlacadh ar an rialú de réir nós an pháirtí, agus ar an rialú macánta, tacú le coistí smachta ionas gur féidir leo a gcuid bhfreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh go héifeachtach ([33])". Tá ról tábhachtach an coiste an pháirtí i Shougang chomh maith: "Tuigeann Coiste Páirtí Shougang smaointe Xi Jinping maidir le sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha acu sa ré nua, cuireann sé spiorad an 19ú Comhdháil Náisiúnta den Pháirtí chun feidhme go críochnúil, socraíonn sé an treo go diongbháilte, bainistíonn sé an staid fhoriomlán, áirithíonn sé an cur chun feidhme, tugann sé scóip iomlán do ról ceannaireachta choiste an pháirtí ar níos mó ná 40 000 ball páirtí ar fud an Ghrúpa, agus díríonn sé tógáil an pháirtí i ngach gné den obair ([34])".

(48) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil slat sreinge lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán.

(49) Bíodh is gur tionscal speisialaithe atá i dtionscal na slat sreinge, agus cé nárbh fhéidir aon doiciméid bheartais shonracha ina raibh treoir shonrach maidir le forbairt an tionscail slat sreinge a shainaithint san imscrúdú, baineann an tionscal slat sreinge tairbhe as treoir agus idirghabháil ón rialtas maidir leis an bpríomh-amhábhar chun slata sreinge a tháirgeadh, mar atá iarann agus cruach neamh-chóimhiotail.

([30]) Féach an phreastuarascáil ó Líonra Xinhua: "Grúpa Shagang: Tógáil an pháirtí is forbairt ar ardcháilíocht an toradh a bhíonn air, agus cruthaíonn sé samhail le haghaidh thógáil an pháirtí i bhfiontair neamhphoiblí, 25 Nollaig 2020, http://www.js.xinhuanet.com/2020-12/25/c_1126907346.htm (féachadh seo go deireanach an 6 Bealtaine 2021).

([31]) Féach an t-alt ar shuíomh gréasáin Anshan: "Cothaíonn Anshan Iron and Steel samhail oibre le haghaidh thógáil an pháirtí, agus bíonn an tsamhail oibre sin á neartú aige", 13 Meitheamh 2018: http://nxgsl.com/hyzl/hyfc/201308/t20130820_1163706.html(féachadh seo go deireanach an Dé hAoine Déardaoin 6 Bealtaine 2021).

([32]) Féach an t-alt a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Anshan: "Coinnigh an paisean atá ag na fostaithe san fhiontraíocht", 14 Eanáir 2019: http://nxgsl.com/hyzl/hyfc/201308/t20130820_1163706.html(an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).

([33]) Féach Airteagail Chomhlachais Baoshan, Airteagal 133.4: http://static.sse.com.cn//disclosure/listedinfo/announcement/c/2021-01-08/600019_20210108_8.pdf (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).

([34]) Féach suíomh gréasáin Shougang: http://static.sse.com.cn//disclosure/listedinfo/announcement/c/2021-01-08/600019_20210108_8.pdf(an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).

Measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal cruach ([35]). Deimhnítear sin sna pleananna, treoracha agus doiciméid iomadúla eile atá dírithe ar an gcruach a eisítear ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach amhail "an Plean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach do 2016-2020", plean a bhí bailí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Sonraíodh sa Phlean sin gur "earnáil bhunúsach agus earnáil thábhachtach de chuid gheilleagar na Síne agus cloch choirnéil náisiúnta" é an tionscal cruach ([36])". Na príomhchúraimí agus na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean seo, cumhdaíonn siad gach gné d'fhorbairt an tionscail ([37]). An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt ([38]) Eacnamaíoch agus Shóisialta, plean ab infheidhme le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus é beartaithe chun tacú le fiontair a thairgeann cineálacha de tháirgí cruach ar ardchaighdeán ([39]). Dírítear ann freisin ar cháilíocht, marthanacht agus iontaofacht táirge a bhaint amach trí thacú le cuideachtaí a mbíonn teicneolaíochtaí in úsáid acu a bhaineann le táirgeadh glan cruach, beacht-rollú, agus feabhas ar cháilíocht ([40]). In "Catalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú" (Leagan 2011) (Leasú 2013)" ([41]) ("an Chatalóg"), liostaítear an tionscal cruach mar thionscal a bhítear a spreagadh.

(50) Is é an t-iarann an t-amhábhar tábhachtach eile a úsáidtear i dtáirgeadh na slat sreinge. Iarnchloch is rud é a bhí cumhdaithe ag an bPlean Acmhainní Mianraí 2016-2020 le linn na tréimhse imscrúdaithe. Leis an bplean atá beartaithe, i measc nithe eile, "comhchruinniú fiontair a chinntiú agus mianaigh mhóra agus mheánmhéide a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar an margadh", "a chinntiú go ndéanfar treoir maidir le hacmhainní áitiúla chun iad a dhíriú ar ghrúpaí móra mianadóireachta", "an t-ualach ar fhiontair amhiarainn a laghdú, iomaíochas na bhfiontar amhiarainn intíre a ardú", "rialú leordhóthanach a dhéanamh ar fhorbairt 1 000 mianaigh i ndomhain na farraige agus mianaigh amhiarainn ar scála beag".

(51) Luaitear iarnchloch freisin sa 13ú Plean Cúig Bliana ar Chruach 2016-2020, plean a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Is éard atá beartaithe i gcomhair an amhiarainn sa phlean: "leanúint den tacú le hoibreacha taiscéalaíochta sna príomhlimistéir mhianracha intíre, […], tacú le roinnt fiontar mianaigh iarainn intíre atá ann cheana agus iad an-iomaíoch mar fhiontair, a bhuíochas sin le forbairt níos leithne agus níos déine, […], agus do ról na n-acmhainní mianraí baile a neartú i ndáil le slándáil (soláthairtí)".

(52) Is é rangabháil atá ar an iarnchloch gur tionscal straitéiseach é atá ag teacht chun cinn ("SEI") agus dá bhrí sin gur tionscal é a chumhdaíonn an 13ú Plean Cúig Bliana faoi SEIanna. Amhiarainn, muciarann agus fearó-chóimhiotail, is rudaí iad sin go léir atá liostaithe freisin i gCatalóg Treorach an NDRC le haghaidh Coigeartú Tionscail 2019. Tá fearó-chóimhiotail luaite i gCatalóg Treorach MIIT 2018 faoin bhForbairt agus faoin Aistriú Tionscail.

(53) Mar is léir ó na samplaí thuasluaite maidir le cruach, iarann, agus fearó-chóimhiotail, amhábhair thábhachtacha a úsáidtear chun slata sreinge a tháirgeadh, stiúrann Rialtas na Síne forbairt na hearnála slat sreinge i gcomhréir le réimse leathan uirlisí agus treoracha beartais, agus is é a rialaíonn beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála. Dá bhrí sin, is tairbhe don tionscal slat sreinge treoir agus idirghabháil an rialtais maidir leis na príomh-amhábhair a úsáidtear i monarú na slat sreinge, mar atá iarann agus cruach neamh-chóimhiotail.

(54) Sa bhreis ar an méid sin thuas, na táirgeoirí slat sreinge céanna, is tairbhithe iad as fóirdheontais stáit freisin, rud a léiríonn go soiléir leas an stáit san earnáil seo. Le linn an imscrúdaithe, is éard a bhunaigh an Coimisiún gur bhain roinnt táirgeoirí slat sreinge tairbhe as fóirdheontais stáit go díreacha, lena n-áirítear Grúpa HBIS ([42]), Jiangsu Shagang ([43]), Anshan Iron agus Cruach ([44]), Baoshan/Baosteel ([45]) agus Shougang ([46]).

([35]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.
([36]) Réamhrá leis an bPlean maidir le hOiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach.
([37]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 347.
([38]) An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (an 6 Bealtaine 2021 a féachadh seo go deireanach).
([39]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 349.
([40]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 352.
([41]) An Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) (Leasú 2013) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 9 den Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, agus arna leasú i gcomhréir le Cinneadh an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha den Chatalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú (Leagan 2011) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.
([42]) Féach tuarascáil bhliantúil 2018, leathanach 66: http://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN201908201344693765_1.pdf
([43]) Féach tuarascáil bhliantúil 2019, leathanaigh 62 agus 67: https://www.shclearing.com/xxpl/cwbg/nb/202006/t20200630_705111.html
([44]) Féach tuarascáil bhliantúil 2019, leathanach 93: https ://www.shclearing.com/xxpl/cwbg/nb/202005/t20200529_691364.html agus tuarascáil bhliantúil 2018, leathanach 104: http://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN201905011325247353_1.pdf
([45]) Féach tuarascáil bhliantúil 2019, leathanaigh 181 agus 187: http://static.cninfo.com.cn/finalpage/2020-04-29/1207654234.PDF
([46]) Féach tuarascáil bhliantúil 2019, leathanaigh 121 agus 129: https://www.shougang.com.cn/u/cms/www/202004/29163130go9a.pdf

(55) Ar an iomlán, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne ar mhaithe le hoibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a chomhlíonadh, beartais chun tacú le tionscail a bhítear a spreagadh, lena n-áirítear táirgeadh cruach, iarainn agus fearó-chóimhiotal ar na príomh-amhábhair a úsáidtear chun slata sreinge a mhonarú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(56) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, san earnáil slat sreinge dá dtagraítear thuas in aithris (40), níor léirigh an t-imscrúdú aon fhianaise nach ndéanfadh an méid sin difear do mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(57) Tá tionchar ar an earnáil slat sreinge freisin ag saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (40) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([47]).

(58) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha a léirigh nach bhfuil an earnáil slat sreinge faoi thionchar ag idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (40) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(59) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur bhfuil réimse ionchur ag teastáil chun slata sreinge a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí slat sreinge na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, úsáideann na soláthraithe ionchuir saothar atá faoi réir an tsaofa, féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir saobhadh san earnáil airgeadais/san leithdháileadh caipitil agus tá siad faoi réir an chórais pleanála a bhfuil feidhm aige maidir le gach leibhéal rialtais agus earnála.

(60) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre de shlata sreinge le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, an idirghabháil a dhéanann an rialtais, tá tuairisc air ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, ionchur a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile gur ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá an scéal maidir leis an ionchur san ionchur agus mar sin de.

(61) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

(62) Ar an iomlán, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, faoi mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a bhunú sa chás sin. Dá bhrí sin, chrom an Coimisiún ar an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, faoi mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.3.1. *Tír Ionadaíoch*

3.3.1.1. Barúlacha ginearálta

(63) Is ar na critéir seo a leanas a bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá ag Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([48]),

([47]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

([48]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach,https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income (arna cheadú go deireanach an 13 Deireadh Fómhair 2020.

— Táirgeadh an táirge atá faoi athbhreithniú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch, agus

— I gcás inarb ann do níos mó ná aon tír ionadaíoch fhéideartha amháin, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leormhaith cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(64) Faoi mar a míníodh i roinn 3.1, d'eisigh an Coimisiún dhá nóta le haghaidh an chomhaid ar na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, agus chuir sé na páirtithe ar an eolas gurb é Peiriú a bhí beartaithe le húsáid aige mar thír ionadaíoch.

3.3.1.2. Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a bhunú

(65) Ar bhonn an chinnidh Peiriú a úsáid ar an tír ionadaíoch, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara sa dara Nóta FoP go n-úsáidfeadh sé GTA ([49]) chun costais neamhshaofa an chuid is mó de thosca an táirgthe a shuí. Ina theannta sin, d'úsáidfeadh sé sonraí ó Ghníomhaireacht Maoirseachta Pheiriú um Infheistíocht i bhFuinneamh agus i Mianadóireacht (OSINERGMIN) ([50]) le haghaidh praghsanna tionsclaíocha ar ghás nádúrtha agus ar leictreachas, ón nGníomhaireacht Maoirseachta Náisiúnta um Sheirbhísí Sláintíochta (Sunass) ([51]) i gcomhair praghas úsáid thionsclaíoch uisce agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ([52]) le haghaidh chostas an tsaothair. Thagair sé freisin do shonraí airgeadais na cuideachta Aceros Arequipa ([53]) i bPeiriú chun an SGA neamhshaofa agus chun an brabús a bhunú.

3.3.2. *Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa*

3.3.2.1. Sonraí a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh

(66) Bhunaigh an Coimisiún liosta na dtosca táirgeachta agus na bhfoinsí a mbeartaítear a n-úsáid le haghaidh gach toisce táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear nuair atá táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne ag táirgeadh an táirge atá faoi athbhreithniú. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an liosta tosca táirgeachta.

(67) I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil sa chomhad, agus an iarraidh ar athbhreithniú agus ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin mar bhunús, sainaithníodh na tosca táirgthe seo a leanas agus na cóid HS, i gcás inarb infheidhme:

Tábla 1

Tosca táirgeachta agus foinsí faisnéise

Toisc Tháirgeachta	Cóid CC	Luach (RMB)	Aonad
Amhábhair			
Billéid leathchríochnaithe d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail	7207 11 7207 20	3,23 3,23	kg
Lucht saothair			
Costais saothair phá san earnáil monaraíochta	[N/BH]	23,684	Uaireanta an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	[N/BH]	0,441-0,492 ([54])	kWh
Gás Nádúrtha	[N/BH]	0,733-0,819 ([55])	m^3
Uisce	[N/BH]	4,84	m^3

([49]) Féach aithris (38).
([50]) https://www.osinergmin.gob.pe/seccion/institucional/regulacion-tarifaria/pliegos-tarifarios/electricidad, arna cheadú go deireanach an 20 Eanáir 2021, https://www.osinergmin.gob.pe/seccion/institucional/regulacion-tarifaria/pliegos-tarifarios/gas-natural, arna cheadú go deireanach an 20 Eanáir 2021.
([51]) https://www.sunass.gob.pe/prestadores/empresas-prestadoras/estudios-tarifarios/, arna cheadú go deireanach 20 Eanáir 2021.
([52]) https://ilostat.ilo.org/topics/labour-costs/, arna cheadú go deireanach 20 Eanáir 2021.
([53]) Féach aithris (28).
([54]) Praghsanna míosúla atá laistigh de na raonta sin.
([55]) Praghsanna míosúla atá laistigh de na raonta sin.

Fotháirge/dramhaíl			
Fuíoll agus Dramhaíl	7204 10 7204 41 7204 29 7204 49	2,39 2,39 2,82 1,96	kg

3.3.2.2. Amhábhair agus dramhaíl

(68) Faoi mar a míníodh sa chéad Nóta FoP, léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún ón iarratas ar athbhreithniú agus ó na himscrúduithe dul in éag a bhí ann roimhe seo, sin agus ó na himscrúduithe bunaidh, go bhfuil dhá phróiseas ar leith ag táirgeoirí slat sreinge na Síne i gcoitinne chun slat sreinge a tháirgeadh. Is é an chéad cheann an próiseas foirnéise soinneáin comhtháite, i gcás ina dtáirgeann cuideachta billéid ó amhábhair a athmhúnlaítear ina dhiaidh sin ina slata sreinge. Is é an dara ceann an próiseas foirnéise stua leictreach nach dtosaíonn le hamhábhair ach le billéid a athmhúnlaítear ina slata sreinge. In éagmais comhair ó aon táirgeoir Síneach slat sreinge, agus i bhfianaise na faisnéise agus na bhfíoras a bhí ar fáil, is ar thosca táirgthe ar an bpróiseas táirgthe neamh-chomhtháite a bhunaigh an Coimisiún a anailís agus ar an bpróiseas sin amháin, próiseas arb iad na billéid a thús.

(69) Maidir leis na hamhábhair agus an dramhaíl, is ar phraghsanna allmhairí Pheiriú a bhí an Coimisiún ag brath. Is mar mheán ualaithe de phraghsanna aonaid allmhairiúcháin ó na tríú tíortha ar fad seachas an tSín a rinneadh an praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch a chinneadh ([56]). Chinn an Coimisiún allmhairí ón tSín isteach go Peiriú a eisiamh de bharr saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ann a léireodh nach ndéanann an saobhadh céanna an difear céanna do tháirgí atá le honnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndearna an saobhadh céanna difear do na praghsanna sin.

(70) Maidir le cineál amháin billéid (cód HS 7207 11) agus dhá chineál dramhaíola (cóid CC 7204 10 agus 7204 41), ní raibh aon chainníochtaí d'allmhairí isteach i bPeiriú le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe nó ba chainníochtaí neamhshuntasacha iad má bhí. Chiallaigh sé sin nach raibh aon phraghas allmhairiúcháin ann, sin nó gur phraghas allmhairiúcháin neamhionadaíoch a bhí ann i ngeall ar chainníochtaí ísle allmhairí. D'fhonn praghas neamhshaofa a bhunú i gcomhair na dtosca táirgthe sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar a mhéid atá an difríocht i leibhéil na bpraghsanna idir an dá chineál billéid agus idir na ceithre chineál dramhaíola faoi seach. Le linn don Choimisiún a bheith á dhéanamh sin, d'fhéach sé ar phraghsanna allmhairithe na n-amhábhar sin isteach i roinnt tíortha eile amhail an Bhrasaíl, an Rúis, Ceanada agus an Úcráin, chomh maith leis na sonraí a d'úsáid an t-iarratasóir ina iarraidh ar athbhreithniú.

(71) Ar an meán, ní raibh aon difríocht shuntasach sna praghsanna idir an dá chineál billéid, ná idir na ceithre chineál dramhaíola. Ina theannta sin, cé go raibh praghas allmhairithe na mbilléad a aicmítear faoi chód HS 7207 11 níos airde ná na billéid a aicmítear faoi chód HS 7207 20 i roinnt tíortha, is amhlaidh a bhí sé níos ísle i dtíortha eile. I gcás na gceithre chineál dramhaíola, is iad na difríochtaí praghais céanna a bhí le feiceáil. Ina theannta sin, leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún maidir le cainníochtaí na gcineálacha éagsúla billéad nó dramhaíola a d'úsáid táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge atá faoi athbhreithniú, níor ceadaíodh aon difreáil idir na fochineálacha. An t-eolas a chuir an t-iarratasóir ar fáil ina iarratas ar athbhreithniú agus in aighneachtaí ina dhiaidh sin, is eolas é a thaispeánann iomlán na gcainníochtaí a úsáideadh den dá chineál billéad i dteannta a chéile, agus de na cineálacha éagsúla dramhaíola i dteannta a chéile.

(72) Ar an meán, ós rud é go raibh na praghsanna allmhairiúcháin cosúil leis an dá chineál billéad agus na ceithre chineál dramhaíola, chinn an Coimisiún gan ach praghsanna na mbilléad agus na dramhaíola a allmhairíodh ina cainníochtaí suntasacha isteach i bPeiriú le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a úsáid. Chiallaigh sin gur ar phraghas na mbilléad a rangaítear faoi chód HS 7207 20 a bhí praghas na mbilléad bunaithe, agus praghas na dramhaíola a aicmítear faoi chóid HS 7204 29 agus 7204 49, is amhlaidh gur meánphraghas a bhí ann.

([56]) Is gnách eisiamh ar shonraí allmhairithe sa tír ionadaíoch ó chomhaltaí nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, comhaltaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Ós rud é, áfach, nár allmhairigh Peiriú aon cheann de na tosca táirgthe ó aon cheann de na tíortha thuasluaite i rith na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe, is é a bhí sna hallmhairí ó thríú tíortha eile 100 % de na méideanna iomlána a allmhairíodh go Peiriú i gcás na dtosca táirgthe atá liostaithe i dTábla 1.

(73) Praghsanna neamhshaofa na n-amhábhar a úsáidtear chun slat sreinge a tháirgeadh, d'fhéach an Coimisiún leo sin a shuí mar a sheachadtar ag geata mhonarcha an táirgeora onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, chuir sé dleacht allmhairiúcháin na tíre ionadaíche i bhfeidhm maidir le gach tír thionscnaimh faoi seach. Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, ag cur an chinnidh i roinn 3.5 san áireamh chomh maith le cineál an imscrúdaithe sin ar an athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil i rith thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin nó an bhféadfadh sé atarlú, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála dá réir sin.

(74) Costais na n-amhábhar (e.g. fotháirgí seachas dramhábhair) a bhfuil tionchar diomaibhseach acu i dtéarmaí costas, áiríodh iad i gcostais na n-amhábhar mar chéatadán den dramhaíl agus den fhuíoll. De réir na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú, is sciar diomaibhseach de chostais iarbhír iomlána na monaraíochta iad costais iarbhír na n-amhábhar eile sin. Ina theannta sin, sloinneadh tomhaltáin mar sciar de chostais na n-amhábhar iomlán agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar iomlán.

3.3.2.3. Saothar

(75) Chun an tagarmharc do chostais saothair a shuí, d'úsáid an Coimisiún staitisticí EIS inar soláthraíodh sonraí maidir le meánlíon uaireanta oibre iarbhír in aghaidh na seachtaine le haghaidh gach duine fhostaithe mar aon le tuilleamh míosúil na bhfostaithe san earnáil monaraíochta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ([57]). Leis na sonraí sin, ríomh an Coimisiún pá in aghaidh na huaire sa mhonaraíocht, agus cuireadh costais bhreise saothair (ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus dífhostaíochta arna n-íoc ag an bhfostóir) leis an bpá sin ([58]).

3.3.2.4. Fuinneamh

(76) Chun an tagarmharc do chostais gháis agus leictreachais, bhain an Coimisiún úsáid as na praghsanna tagartha a leag Osinergmin síos.

(77) Is é Osinergmin a leagann síos na praghsanna tagartha do ghás nádúrtha ar bhonn míosúil agus tá siad fáil éasca orthu ar a shuíomh gréasáin ([59]).

(78) Braitheann na praghsanna tagartha don leictreachas ar an limistéar ina seachadtar an leictreachas. De réir a thuarascála bliantúla, tarlaíonn an chuid is mó de tháirgeadh Aceros Arequipa ag gléasra na cuideachta i Pisco (Ica). Tá na praghsanna uasta leictreachais a bheidh le muirearú ag an gcuideachta leictreachais in Pisco leagtha síos ag Osinergmin agus tá fáil éasca orthu. Ba leor na sonraí san fhaisnéis chun praghas an leictreachais agus praghas úsáidte an chórais dáileacháin arna íoc ag úsáideoirí tionsclaíocha a shainaithint ([60]).

(79) An praghas ar uisce d'úsáideoirí tionsclaíocha mar a mhuirearaítear é ag an gcuideachta áitiúil in Pisco (Emapisco), tá siad sin bunaithe ar na praghsanna tagartha atá leagtha síos ag Sunass ina thuarascáil don tréimhse 2018-2023, rud atá ar fáil ar líne ([61]).

([57]) https://ilostat.ilo.org/data/country-profiles/, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

([58]) https://cdn.www.gob.pe/uploads/document/file/320807/IF-161-2018-MTPE-2-14.1.pdf ar lch. 2,agus https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/9789264305823-en.pdf?expires=1611133368&id=id&accname=oid031827&checksum=AD488AE7705661410076E3EC1D21F9F5 freisin ar lch. 88, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air..

([59]) https://www.osinergmin.gob.pe/seccion/institucional/regulacion-tarifaria/pliegos-tarifarios/gas-natural, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

([60]) https://www.osinergmin.gob.pe/seccion/institucional/regulacion-tarifaria/pliegos-tarifarios/electricidad, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

([61]) https://www.sunass.gob.pe/wp-content/uploads/2020/09/emapisco_fina_261218.pdf, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

3.3.2.5. Forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, brabúis agus dímheas

(80) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus mar gheall ar chomhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, d'úsáid an Coimisiún fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin agus ar bhonn shonraí tháirgeoirí an Aontais arna soláthar ag an iarratasóir, shuigh an Coimisiún an cóimheas idir forchostais mhonaraíochta agus costais dhíreacha na monaraíochta. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na gcostas díreach monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(81) Chun méid neamhshaofa agus réasúnach a shuí i gcomhair costais SGA agus an bhrabúis, bhraith an Coimisiún ar shonraí airgeadais Aceros Arequipa le haghaidh na bliana 2019 mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta sin ([62]).

3.3.2.6. An gnáthluach a ríomh

(82) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(83) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair, fuinneamh agus lucht saothair) chun slat sreinge a tháirgeadh. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara sa tír ionadaíoch (Peiriú).

(84) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús leis mar a tugadh faoi deara i roinn 3.3.2.5. Cinneadh forchostais na monaraíochta ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir. Cinneadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús ar bhonn ráitis airgeadais Aceros Arequipa. Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán 12-18 % de chostais dhíreacha na monaraíochta ([63]),

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus costais eile, is éard atá iontu 11,03 % de chostas na ndíolachán le haghaidh Aceros Arequipa, agus

— Brabúis, is éard atá iontu 11,14 % de chostas na n-earraí a díoladh ("COGS") mar a bhain Aceros Arequipa amach iad, cuireadh i bhfeidhm iad maidir le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(85) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3.3. *Leanúint den dumpáil*

(86) In éagmais chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún iarracht an fhaisnéis staitistiúil atá ar fáil ó Eurostat a úsáid chun praghsanna onnmhairiúcháin a chinneadh.

(87) Mar sin féin, níor allmhairíodh ach 75 thona de shlat sreinge ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin de réir Eurostat, rud atá ag freagairt do mhéid is lú ná 1 % d'iomlán na n-allmhairí. Is diomaibhseach an méid sin i bhfianaise thomhaltas iomlán an Aontais (18 826 155 thona). Ar an gcúis sin, chinn an Coimisiún nach leor na méideanna ísle sin chun bheith ina mbonn leordhóthanach chun leanúint d'anailís dumpála. Dá bhrí sin, dhírigh an Coimisiún a imscrúdú ar an dóchúlacht go dtosófaí ar dhumpáil arís i gcás ina gceadófaí do na bearta dul i léig.

([62]) https://investors.acerosarequipa.com/storage/memorias/July2020/sk9JvC6DOo51hCmXhDQ2.pdf, an 20 Eanáir 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

([63]) Cuirtear na sonraí sin i láthair i raonta chun rúndacht faisnéise íogaire gnó a chosaint faoi Airteagal 19 den bhun-Rialachán.

3.4. **An dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís**

(88) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (86) agus (87) thuas, rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse i dtaobh an raibh an dóchúlacht ann go dtarlódh dumpáil arís i gcás ina rachadh na bearta i léig. Ar an gcaoi sin, rinneadh anailís ar na heilimintí seo a leanas: an praghas onnmhairiúcháin ar shlat sreinge na Síne chuig an gcuid eile den domhan, acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise na Síne, iompar onnmhaireoirí na Síne ar mhargaí eile agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.5. **Comparáid idir an gnáthphraghas agus an praghas onnmhairiúcháin chuig an gcuid eile den domhan**

(89) Ós rud é nár tháinig aon chomhar ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne, níor mhór don Choimisiún brath ar na fíricí a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chun praghsanna onnmhairiúcháin a shuí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig margaí eile i dtríú tíortha. In éagmais aon fhaisnéis iontaofa eile, bhain an Coimisiún úsáid as sonraí onnmhairiúcháin ó GTA.

(90) De réir GTA, d'onnmhairigh Dhaon-Phoblacht na Síne breis agus 3 699 934 thona de shlat sreinge ar fud an domhain le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Is ionann é sin agus beagnach 20 % de thomhaltas iomlán an Aontais sa tréimhse chéanna. Déantar achoimre i dTábla 2 thíos ar na figiúirí le haghaidh na gcúig thír is mó ó thaobh mhéid na n-onnmhairí Síneacha de, is éard atá iontu beagnach 65 % d'onnmhairí iomlána na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

Tábla 2

Onnmhairí de shlata sreinge Síneacha chuig an domhan (an méid i dtonaí agus na praghsanna, EUR/tona)

Tír	Méid 2018	Meánphraghas 2018	Méid 2019	Meánphraghas 2019	Méid TIA	Meánphraghas TIA
An Chóiré Theas	816 301	498	902 953	461	849 193	446
An Téalainn	724 536	496	643 022	466	633 517	455
An Indinéis	470 161	523	407 158	498	411 668	470
Vítneam	472 460	500	393 555	482	301 005	471
Na hOileáin Fhilipíneacha	714 053	471	373 321	447	187 523	449

Foinse: GTA

(91) An meánphraghas onnmhairiúcháin a fuarthas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin le haghaidh na dtíortha thuasluaite uile, praghas is mó ná 40 % faoin ngnáthluach a leagtar amach in (85). Dá mba rud é go dtiocfadh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san Aontas ar an méid sin, thug sé sin le fios go ndéanfaí na díolacháin sin ar leibhéil praghsanna a dumpáladh go suntasach.

(92) Léirítear sna figiúirí freisin gur tháinig laghdú ar mhéideanna onnmhairí na Síne le blianta beaga anuas, i gcomhréir le méideanna onnmhairí domhanda agus leis an éileamh domhanda. Mar sin féin agus mar a mhínítear i roinn 3.5.1 thíos, is mó i bhfad an acmhainneacht bhreise ná an t-éileamh áitiúil i nDaon-Phoblacht na Síne, agus léiríonn preaseisiúintí le déanaí go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh domhanda ar an táirge faoi bhreathnú agus go dtiocfaidh tuilleadh méadaithe air le linn na bliana dár gcionn ([64]). Ina theannta sin, tá Daon-Phoblacht na Síne fós i measc na ndeich dtír a bhfuil na praghsanna onnmhairiúcháin is ísle acu ar shlat sreinge.

(93) Ar deireadh, maítear i dtuairiscí preasa ó 2021 go bhfuil méadú ag teacht ar an dibhéirseacht idir margadh intíre na Síne agus an margadh onnmhairiúcháin. Cé go bhfuil moill ag teacht ar an éileamh áitiúil, rud a laghdaíonn praghsanna áitiúla, tá an margadh onnmhairiúcháin ag éirí níos tarraingtí do tháirgeoirí na Síne ([65]).

([64]) https://www.metalbulletin.com/Article/3972213/Search-results/FOCUS-Chinas-steel-exports-expected-to-rise-in-2021.html, an 1 Feabhra 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

([65]) https://www.kallanish.com/en/steel-news/market-reports/article-details/chinese-wire-rod-exports-diverge-from-domestic-market-0121/, an 1 Feabhra 2021 an uair dheireanach a breathnaíodh air.

3.5.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne*

(94) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir, agus sonraí ó Mysteel ina measc ([66]), tá táirgeadh na slat sreinge sa tSín ag leibhéal níos airde faoi láthair ná mar a bhí nuair a rinneadh an t-athbhreithniú éaga deireanach. Tháinig méadú ar an táirgeadh ó 2016 go leibhéal táirgthe idir 155 agus 165 mhilliún tona in 2019, rud atá níos mó ná ocht n-oiread an táirgthe iomlán san Aontas.

(95) Meastar go bhfuil acmhainneacht bhreise de 90 milliún tona ag táirgeoirí na Síne, de réir na hiarrata ar athbhreithniú. Luann an t-iarratasóir gur ag na hiontrálaithe nua i margadh na slaite sreinge sa tSín atá cuid mhór den acmhainneacht. I bhfianaise na ró-acmhainneachta móire, beidh na hiontrálaithe nua sin ag féachaint níos mó agus níos mó i dtreo mhargadh na n-onnmhairí, go háirithe i bhfianaise na moille atá ag teacht ar an éileamh áitiúil, mar a leagtar amach san aithris (93) thuas. De dheasca neamh-chomhoibriú na Síne, bhí sé deacair faisnéis bhreise a fháil ina leith sin. Mar sin féin agus i bhfianaise na n-ardleibhéal táirgeachta dá dtagraítear san aithris roimhe seo i gcomparáid le figiúirí Eorpacha agus figiúirí domhanda, d'fhéadfadh Don-Phoblacht na Síne tionchar a imirt go héasca ar mhargaí idirnáisiúnta, fiú gan a cuid acmhainneachta breise a úsáid.

3.5.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(96) I gcead do leibhéil na bpraghsanna atá níos airde ar mhargadh an Aontais i gcomparáid le praghsanna díola na Síne i dtríú tíortha eile mar a léirítear i dTábla 2, meastar go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí na Síne. Toisc go bhfuil bearta cosanta ann ina lán margaí onnmhairiúcháin, méadaítear tarraingteacht mhargadh an Aontais tuilleadh ([67]). Dá bhrí sin, is féidir coinne réasúnta a bheith ann go n-aosófar onnmhairí na Síne i méideanna suntasacha ar mhargadh an Aontais, dá gceadófaí do na bearta dul i léig. Ina leith sin, ba cheart a mheabhrú gur 1,1 milliún tona a bhí i méid dhíolacháin na Síne ar mhargadh an Aontais in 2008 sular forchuireadh na bearta bunaidh, i gcomparáid le 75 thona le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.6. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís**

(97) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go dtarlódh dumpáil arís dá gceadófaí do na bearta reatha dul i léig. Go háirithe, leibhéal an ghnáthluacha a suíodh i nDaon-Phoblacht na Síne, leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig margaí tríú tíortha, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an acmhainneacht mhór táirgeachta atá ar fáil i nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn siad sin gur dócha go dtarlóidh an dumpáil arís i gcás ina gceadaítear do na bearta atá ann faoi láthair dul as feidhm.

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(98) Rinne 62 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(99) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe ag thart ar 18,3 milliún tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail sonraí a sholáthair an t-iarratasóir ([68]). Mar a léirítear in aithris (11), roghnaíodh ceithre tháirgeoir ón Aontas sa sampla is ionann agus beagnach 25 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

([66]) https://www.mysteel.net/. Tá figiúirí den chineál céanna le feiceáil i bhfoinsí eile a luaigh an t-iarratasóir, amhail CRU agus Worldsteel.

([67]) Cuireadh bearta i bhfeidhm i gcoinne slat sreinge ó Dhaon-Phoblacht na Síne ag, mar shampla, an Astráil, an India, an Indinéis, Meicsiceo, an Chóiré Theas agus na Stáit Aontaithe.

([68]) Tá an méid táirgeachta bunaithe ar shonraí AE-27 toisc gur scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina cuid den Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2021.

(100) Chinn an Coimisiún go raibh cuid de tháirgeacht iomlán tháirgeoirí an Aontais ceaptha don mhargadh faoi chuing mar a léirítear i dTábla 3 thíos. Tháinig méadú 5 phointe céatadáin ar an margadh faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin 13,5 % de thomhaltas an Aontais i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí le haghaidh an mhargaidh shaoir amháin. Is iad na táscairí sin: méid agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; an sciar den mhargadh; an méid onnmhairí agus praghsanna agus praghsanna agus brabúsacht Le haghaidh na dtáscairí eile, amhail táirgeadh, acmhainneacht, táirgeacht, fostaíocht agus pá, baineann na figiúirí a breithníodh thíos leis an ngníomhaíocht iomlán agus dá bhrí sin níor ghá aon scaradh.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(101) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na nithe seo a leanas: (a) sonraí Eurofer a bhaineann le tionscal an Aontais a bheith ag díol an táirge chomhchosúil agus a chros-seiceáiltear le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi bhreathnú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat.

(102) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 3

Tomhaltas an Aontais (tonaí) ([69])

	2017	2018	2019	TIA
Tomhaltas iomlán an Aontais	20 365 727	21 318 592	20 219 432	18 821 504
Innéacs (2017 = 100)	100	105	99	92
Margadh faoi chuing	2 426 375	2 724 231	2 535 896	2 545 577
Innéacs (2017 = 100)	100	112	105	105
An saormhargadh	17 939 352	18 594 360	17 683 536	16 275 927
Innéacs (2017 = 100)	100	104	99	91

Foinse: Eurofer agus Eurostat

(103) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 9 % ar thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh. In anailís mhionsonraithe, léiríodh gur tháinig méadú 4 % ó 2017 go 2018 ar thomhaltas ar an saormhargadh san Aontais ó thart ar 17,9 milliún tona go 18,6 milliún tona sular tháinig laghdú 5 % air in 2019 agus ansin tháinig laghdú eile 8 phointe céatadáin é tuilleadh go 16,3 milliún tona le linn tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Tháinig treocht chomhchosúil ar thomhaltas iomlán an Aontais agus tháinig méadú air in 2018 agus tháinig laghdú air ina dhiaidh sin in 2019, laghdú a lean ar aghaidh i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin de dheasca phaindéim COVID-19 a bhí ina cúis le laghdú i dtomhaltas iomlán slat sreinge, go háirithe i dtionscail na ngluaisteán agus na tógála.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(104) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Bunaíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris (102).

([69]) Tá an tomhaltas bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh.

(105) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar allmhairí ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh ([70])

	2017	2018	2019	TIA
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	556	44	47	75
Innéacs (2017 = 100)	100	8	8	14
An scair den mhargadh (%)	0,0	0,0	0,0	0,0

Foinse: Eurostat

(106) Cé gur 5 % den sciar den mhargadh agus 1,1 milliún tona sa chéad tréimhse imscrúdaithe a bhí in allmhairí na Síne, tá siad beagnach imithe ó mhargadh an Aontais, ar bhonn na faisnéise ó Eurostat. Go deimhin, tháinig laghdú ó 556 thona go 75 thona ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(107) Baineann an chuideachta a bhfuil an ráta dleachta 7,9 % aici leis an ngrúpa Arcelor Mittal agus dar leis na gearánaigh ní tháirgeann siad cainníochtaí suntasacha de shlat sreinge a thuilleadh. Mar sin féin, scoir táirgeoirí onnmhairiúcháin eile na Síne de bheith ag díol isteach san Aontas freisin. Is cosúil go bhfuil margadh na slat sreinge an-íogair ó thaobh praghais de agus, mar gheall ar an dleacht frithdhumpála a bhí i bhfeidhm. d'fhág an méadú 24 % ar an bpraghas gur chaill onnmhaireoirí na Síne a suim i margadh an Aontais.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(108) I bhfianaise mhéid an-íseal na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, níorbh fhéidir anailís fhóinteach a dhéanamh ar phraghsanna na n-allmhairí sin.

(109) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, agus i bhfianaise na gcainníochtaí an-íseal arna n-allmhairiú san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne, níorbh fhéidir aon phraghsanna allmhairí iontaofa a shuí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir ríomh fóinteach a dhéanamh ar shladghearradh na bpraghsanna. Sna himthosca sin, chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais a bhí á dhéanamh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) meánphraghsanna díola ualaithe an táirge faoi bhreathnú de chuid tháirgeoirí sampláilte an Aontais, arna ngearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna choigeartú chuig an leibhéal díreach ón monarcha; agus

(2) meánphraghsanna ualaithe an táirge faoi bhreathnú arna tháirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne agus arna dhíol leis an gcuid eile den domhan, arna suíomh ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin. In éagmais aon fhaisnéis eile, measadh gur 1 % den luach CAL iad na costais sin ([71]).

(110) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 4,5 % leis le haghaidh na tíre lena mbaineann. Dá bhrí sin, tá coinne ann go mbeidh leibhéal comhchosúil sladghearrtha ar mhargadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul i léig.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne**

(111) Is ón Tuirc, ón Rúis, ón mBealarúis agus ón Eilvéis go príomha a tháinig allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne.

(112) Is mar a leanas a forbraíodh méid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí chomh maith leis an scair den mhargadh agus treochtaí praghais i gcomhair allmhairí an táirge faoi bhreathnú ó thríú tíortha eile:

([70]) Tá méid na n-allmhairí bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

([71]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/566 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadáin agus píopaí ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise, Phoblacht na Cóiré agus Mhalaeisia iad agus lena gcuirtear deireadh leis an imscrúdú a bhain le hallmhairí an táirge céanna ar de thionscnamh Phoblacht na Tuirce é, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 99, 10.4.2019, lch. 9), aithris 128.

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2017	2018	2019	TIA
An Tuirc	Méid (tonaí)	441 408	921 060	458 996	329 613
	Innéacs (2017 = 100)	100	209	104	75
	An sciar den mhargadh ar an saormhargadh (%)	2,5	5,0	2,6	2,0
	Innéacs (2017 = 100)	100	201	105	82
	Meánphraghas (EUR/tona)	468	513	475	473
	Innéacs (2017 = 100)	100	110	101	101
An Rúis	Méid (tonaí)	349 011	368 158	249 488	331 194
	Innéacs (2017 = 100)	100	105	71	95
	An sciar den mhargadh ar an saormhargadh (%)	1,9	2,0	1,4	2,0
	Innéacs (2017 = 100)	100	102	73	105
	Meánphraghas (EUR/tona)	444	497	464	434
	Innéacs (2017 = 100)	100	112	104	98
An Bhealarúis	Méid (tonaí)	282 422	195 380	243 772	257 688
	Innéacs (2017 = 100)	100	69	86	91
	An sciar den mhargadh ar an saormhargadh (%)	1,6	1,1	1,4	1,6
	Innéacs (2017 = 100)	100	67	88	101
	Meánphraghas (EUR/tona)	425	519	478	459
	Innéacs (2017 = 100)	100	122	112	108
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	1 142 592	1 192 067	1 024 468	1 111 213
	Innéacs (2017 = 100)	100	104	90	97
	An sciar den mhargadh ar an saormhargadh (%)	6,4	6,4	5,8	6,8
	Innéacs (2017 = 100)	100	101	91	107
	Meánphraghas (EUR/tona)	519	595	550	516
	Innéacs (2017 = 100)	100	115	106	99

Iomlán na dtríú tíortha uile seachas Daon-Phoblacht na Síne	Méid (tonaí)	2 215 433	2 676 664	1 976 724	2 029 708
	Innéacs (2017 = 100)	100	121	89	92
	An sciar den mhargadh ar an saormhargadh (%)	12,3	14,4	11,2	12,5
	Innéacs (2017 = 100)	100	117	91	101
	Meánphraghas (EUR/tona)	485	548	513	488
	Innéacs (2017 = 100)	100	113	106	101

Foinse: Eurostat

(113) Tháinig laghdú 8 % (ó 2,21 milliún tona go 2,3 milliún tona) ar allmhairí iomlána an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, laghdú a lean an treocht anuas céanna agus atá i dtomhaltas saormhargaidh an Aontais mar a luaitear i dTábla 3. Mar sin féin agus le linn na tréimhse faoi bhreathnú, choinnigh tríú tíortha a sciar den mhargadh sa saormhargadh den chuid is mó de bharr praghsanna a bheith níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna thionscal an Aontais a chaill a sciar féin den mhargadh sa saormhargadh sa tréimhse chéanna, mar a luaitear i dTábla 7.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(114) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(115) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(116) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí atá i bhfreagairt shonraí Eurofer a bhaineann le tionscal an Aontais a bheith ag díol an táirge chomhchosúil agus a chros-seiceáiltear le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais; Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhain leis na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil sna freagraí ceistneora. Rinneadh amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(117) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(118) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha* ([72])

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(119) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	TIA
An méid táirgeachta (tonaí)	20 101 565	20 670 532	19 942 245	18 298 579
Innéacs (2017 = 100)	100	103	99	91

([72]) Tá na táscairí maicreacnamaíocha bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	25 860 247	25 875 427	26 941 347	27 300 050
Innéacs (2017 = 100)	100	100	104	106
Úsáid acmhainneachta (%)	78	80	74	67
Innéacs (2017 = 100)	100	103	95	86

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte ón Aontas

(120) Tháinig méadú ar an méid táirgeachta den chéad uair in 2018 de thoradh méadú ar mhargadh faoi chuing. Tháinig laghdú air in 2019, laghdú a lean ar aghaidh i dtréimhse an imscrúdaithe, treocht a lean treocht atá comhchosúil leis an laghdú i dtomhaltas an Aontais de dheasca phaindéim COVID-19 a bhí ina cúis le laghdú i dtomhaltas iomlán slat sreinge. Tháinig laghdú 9 % ar an méid táirgeachta le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(121) Tháinig méadú ar acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a laghdaigh an méid táirgeachta ar an iomlán agus mar a tháinig méadú ar an acmhainn, léiríonn úsáid na n-acmhainneachtaí treocht anuas (-14 %) thar an tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(122) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	TIA
Méid iomlán na ndíolachán san Aontais – margadh shaor agus margadh faoi chuing araon (tonaí)	18 149 739	18 641 884	18 242 661	16 791 721
Innéacs (2017 = 100)	100	103	101	93
Díolacháin agus úsáid an mhargaidh faoi chuing	2 426 375	2 724 231	2 535 896	2 545 577
Innéacs (2017 = 100)	100	112	105	105
Díolacháin agus úsáid an mhargaidh faoi chuing mar % de dhíolacháin iomlána an mhargaidh	13,4	14,6	13,9	15,2
Innéacs (2017 = 100)	100	109	104	113
Díolacháin an mhargaidh shaoir	15 723 364	15 917 652	15 706 766	14 246 144
Innéacs (2017 = 100)	100	101	100	91
Sciar den mhargadh (ag díolacháin an tsaormhargaidh (%))	87,6	85,6	88,8	87,5
Innéacs (2017 = 100)	100	98	101	100

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte ón Aontas

(123) Tháinig laghdú anuas ar dhíolacháin iomlána san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-7 %) agus d'ainneoin an mhéadaithe 3 % in -2018.

(124) Tháinig laghdú beagnach 1,5 milliún tona ar dhíolacháin iomlána ar an saormhargadh ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go bhfuil méadú tagtha ar thomhaltas go dtí an leibhéal is airde in 2018 (+ 3 %), bhí treocht anuas (-2 %) le feiceáil cheana féin, treocht a lean ar aghaidh in 2019 agus le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin Tháinig laghdú 9 % ar dhíolacháin fhoriomlána ar shaormhargadh an Aontais.

(125) D'fhan an sciar an mhargaidh de dhíolacháin shaormhargaidh thionscal an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tar éis méadú 1 % ar sciar na ndíolachán saormhargaidh in 2017-2019, tháinig laghdú 1,3 pointe céatadáin air le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

4.5.2.3. Fás

(126) I gcomhthéacs tomhaltas laghdaitheach, ní hamháin go gcailleann tionscal an Aontais méideanna díolacháin san Aontas ach cailleann sé sciar den mhargadh ar an saormhargadh freisin. Dá dheasca sin, níorbh ann d'aon fhás ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(127) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	TIA
An líon fostaithe	10 271	10 530	11 125	10 853
Innéacs (2017 = 100)	100	103	108	106
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	1 957	1 963	1 793	1 686
Innéacs (2017 = 100)	100	100	92	86

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte ón Aontas

(128) D'éirigh le tionscal an Aontais líon na bhfostaithe a bhí i mbun tháirgeadh an táirge faoi athbhreithniú a choinneáil ar bun agus a mhéadú fiú, rud ar tháinig méadú 6 % air idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(129) Táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas de réir an aschuir (tonaí) in aghaidh an fhostaí, lean sin an treocht anuas le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-14 %) de bharr phaindéim COVID-19 a bhí ina cúis le laghdú ar mhéid táirgeachta na slaite sreinge. Is mar gheall ar an laghdú níos airde sa mhéid táirgeachta, rud atá nasctha freisin leis an laghdú ar dhíolacháin agus ar an éileamh ar tháirgí thionscal an Aontais freisin, a tharla an laghdú mór sa táirgiúlacht.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(130) An corrlach dumpála a suíodh don tír lena mbaineann san imscrúdú bunaidhm bhí sé sin go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Mar a míníodh thuas, níorbh ann d'aon allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann e linn na tréimhse faoi bhreathnú agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar mhéid an chorrlaigh dumpála.

(131) San athbhreithniú éaga roimhe seo, thángthas ar an gconclúid go raibh tionscal an Aontais fós an-leochaileach agus gortaithe. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú atá ag gabháil leis an imscrúdaithe reatha ar an athbhreithniú éaga, léirigh tionscal an Aontais go bhfuil comharthaí ann gur gnóthaíodh iad ó éifeachtaí na dumpála roimhe sin ach tháinig laghdú ar na príomhtháscairí díobhála ar fad le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin tar éis a bheith cobhsaí go leor in 2017-2019, rud a lean treocht chomhchosúil leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais de dheasca phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin, tá tionscal an Aontais fós an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha aon allmhaire dumpáilte i margadh an Aontais agus dá n-aisghairfí na bearta, bheadh tionchar suntasach ag an dumpáil a bhfuil coinne léi ar thionscal an Aontais ar bhonn laghdú phraghsanna na n-onnmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig na tríú tíortha, mar a luaitear in haithrisí (90) agus (91).

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha* ([73])

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(132) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, forbraíodh mar seo a leanas meánphraghsanna díola aonaid le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus meánchostas aonaid táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais:

Tábla 9

Praghsanna díola san Aontas

	2017	2018	2019	TIA
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/tona)	529	604	560	521
Innéacs (2017 = 100)	100	114	106	98
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	523	564	591	575
Innéacs (2017 = 100)	100	108	113	110

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(133) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 2 % ar phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhghaolmhara (an saormhargadh). In anailís mhionsonraithe, léiríodh gur tháinig méadú 14 % ar na praghsanna díola ó 2017 go 2018 sular tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin in 2019 agus ansin laghdú 8 bpointe céatadáin eile le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Lean an méadú ar na praghsanna díola an fhorbairt a tháinig ar an gcostas táirgeachta go pointe go dtí 2019, rud ar ar tháinig méadú 13 % sa tréimhse 2017-2019 agus d'fhan sé sin os cionn an mheánphraghais díola. Le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, tháinig laghdú 3 phointe céatadáin ar chostas na táirgeachta. Ar an iomlán agus le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 2 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 10 % ar chostas an táirgthe agus, dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann an praghas díola a mhéadú chun an méadú ar chostas an táirgthe a chumhdach.

4.5.3.2. Costais saothair

(134) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	TIA
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	56 548	59 747	58 983	56 665
Innéacs (2017 = 100)	100	106	104	100

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([73]) Tá táscairí micreacnamaíocha bunaithe ar shonraí 28 mBallstát an Aontais, agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Ós rud é nach raibh sna díolacháin isteach sa Ríocht Aontaithe ach 1,5 % de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, ní dhéanfaí na conclúidí maidir le díobháil ábhartha a athrú.

(135) Tháinig méadú ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí ó 2017 go dtí 2018 ar dtús sular tháinig laghdú de réir a chéile orthu in 2019 agus i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ar an iomlán, idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, d'fhan an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí cobhsaí.

4.5.3.3. Fardail

(136) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2017	2018	2019	TIA
Stoic dheiridh (tonaí)	363 501	444 814	417 212	420 511
Innéacs (2017 = 100)	100	122	115	116
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	6,8	8,2	8,3	9,5
Innéacs (2017 = 100)	100	122	123	140

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(137) Tháinig méadú ar fhardail thionscal an Aontais idir 2017 agus tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, ach fós féin d'fhan siad fós faoi bhun 10 % de mhéid bliantúil na táirgeachta ar feadh na tréimhse iomlán faoi bhreathnú. An méadú suntasach de 40 % ar na fardail mar chéatadán den táirgeacht a chonacthas ó 2017 go dtí tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, go pointe áirithe, leanann sé sin an laghdú ar mhéid na táirgeachta mar a luaitear in aithris (120), agus níl táirgeoirí an Aontas in ann a dtáirgeacht a dhiúscairt i bhfianaise na treochta anuas comhchosúla atá ar siúl maidir le tomhaltas foriomlán an Aontais mar a luaitear in aithris (103).

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(138) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	TIA
Brabúsacht díolachán san Aontas i gcás custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	1,2	6,5	- 5,4	- 10,4
Innéacs (2017 = 100)	100	530	- 546	- 952
An sreabhadh airgid (EUR)	62 999 177	158 497 581	- 32 609 909	- 73 869 927
Innéacs (2017 = 100)	100	252	- 152	- 217
Infheistíochtaí (EUR)	57 591 654	50 424 514	76 852 470	65 369 090
Innéacs (2017 = 100)	100	88	133	114
Toradh ar infheistíochtaí (%)	1,4	8,1	- 5,5	- 8,5
Innéacs (2017 = 100)	100	576	- 495	- 705

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(139) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoir sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(140) Tháinig méadú ar an mbrabúsacht den chéad uair in 2018 mar thoradh ar na praghsanna díola méadaithe le páirtithe neamhghaolmhara (an saormhargadh) ar leibhéal is airde ná an méadú ar chostas na táirgeachta. Tháinig laghdú air in 2019, laghdú a lean ar aghaidh i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, treocht a lean treocht atá comhchosúil leis an laghdú ar phraghsanna díola mar a mhínítear in aithris (133). Is mar gheall ar chostas aonaid na táirgeachta, rud a d'fhan níos airde ná an meánphraghas díola, is mar gheall air sin a bhain corrlach brabúis diúltach le tionscal an Aontais in 2019 i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a fhéadfaí a fheiceáil i dTábla 9 thuas, tháinig méadú eile ar an mbearna idir costas aonaid na táirgeachta agus an meánphraghas díola le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Ar an iomlán, an laghdú ar thomhaltas slat sreinge san Aontas de dheasca phaindéim COVID-19 agus, go pointe áirithe, iomaíocht mhargaidh ó allmhairí ó thríú tíortha eile atá i gcónaí ar phraghsanna is ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, bhí siad sin ina gcúis nár ligeadh do thionscal an Aontais praghsanna díola a leagan síos ar leibhéal lena ligfí ar a laghad an costas táirgthe a chlúdach.

(141) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas na dtáirgeoirí ón Aontas a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Forbraíodh glansreabhadh airgid den chuid is mó i gcomhréir leis an mbrabúsacht agus tháinig feabhas air ar dtús in 2018 sular tháinig meath suntasach air in 2019 agus i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, nuair a bhí an bhrabúsacht ag a bpointe is ísle sa tréimhse faoi bhreathnú.

(142) Tháinig méadú beag de 14 % ar infheistíochtaí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, rud atá ina fhianaise bhreise ar staid na deacrachta airgeadais a bhaineann le tionscal an Aontais.

(143) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 1,4 % in 2017 go -8,5 % i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Leanann an fhorbairt sin brabúsacht laghdaitheach thionscal an Aontais.

4.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(144) Léirigh formhór na dtáscairí maicreacnamaíocha treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, amhail táirgeadh, úsáid acmhainne, méid díolacháin i margadh an Aontais, an sciar den mhargadh agus táirgiúlacht. Níor léirigh ach acmhainneacht agus fostaíocht treocht beagán dearfach. Ar an gcaoi chéanna, léirigh formhór na dtáscairí micreacnamaíocha treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, amhail praghsanna díola i saormhargadh an Aontais, costas táirgeachta, brabúsacht, stoic dheiridh, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí. Níor léirigh ach infheistíochtaí treocht dhearfach tar éis do na táirgeoirí sampláilte infheistíochtaí a dhéanamh chun iomaíochas a choinneáil agus na forbairtí is déanaí maidir le táirgí a leanúint. Tháinig forbairt dhiúltach freisin ar na táscairí díobhála céanna agus iad ag féachaint ar an tréimhse 2017-2019, is é sin, roimh thús phaindéim COVID-19.

(145) Thairis sin agus de thoradh na hiomaíochta ó allmhairí tríú tíortha seachas ón tír lena mbaineann agus de thoradh an bhrú ar phraghsanna, chuaigh staid bhrabúsachta thionscal an Aontais in olcas tuilleadh agus bhí corrlach brabúis diúltach de 10,4 % aige le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Tháinig meath ar an sreabhadh airgid agus ar an toradh ar infheistíochtaí freisin, rud a d'fhág gur dheacair do thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú agus a bheith ag fás.

(146) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(147) Rinne an Coimisiún measúnú ar cibé acu an bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí ón tír lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, nó nach bhfuil.

(148) D'fhan méideanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ag leibhéal diomaibhseach ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú.

(149) An tráth céanna, allmhairí ar phraghas íseal ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann, amhail an Tuirc, an Rúis agus an Bhealarúis, chuir siad sin brú láidir ó thaobh praghsanna ar thionscail an Aontais. Mar léaráid, ba é 521 EUR/tona meánphraghas díola an thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus ba é 473 EUR/tona an meánphraghas díola ar tháirgí arna n-allmhairiú ón Tuirc agus 434 EUR/tona an meánphraghas díola ar tháirgí arna n-allmhairiú ón Rúis.

(150) Agus an méid atá thuas á mheas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, mar gheall ar mhéid na n-allmhairí sin a bheith an-teoranta.

(151) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

5. DÓCHÚLACHT GO dTARLÓDH DÍOBHÁIL ARÍS ARBH IAD ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE Ó DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE BA CHÚIS LEIS AN DÍOBHÁIL I dTOSACH BÁIRE, DÁ nDÉANFAÍ NA BEARTA A AISGHAIRM.

(152) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (146) gur bhain díobháil ábhartha le haghaidh an tionscail an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (150) nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, mar gheall ar mhéid na n-allmhairí sin a bheith an-teoranta. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta ina haghaidh dul as feidhm.

(153) I dtaca leis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tír lena mbaineann, ar an ngaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus ar an tionchar ag allmhairí a d'fhéadfadh teacht isteach agus ag leibhéal praghsanna na n-allmhairí sin ó na tíortha sin ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in léig.

5.1. Acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais

(154) Mar a thuairiscítear cheana féin in aithrisí (94) agus (95), tá acmhainneachtaí breise suntasacha ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, lena sáraítear le chéile na méideanna táirgeachta reatha agus an t-éileamh inmheánach sa tír ([74]) sin go substaintiúil agus d'fhéadfaí an acmhainneacht bhreise sin a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul i léig. Is suntasach iad na cainníochtaí a d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a onnmhairiú i gcomparáid le méid mhargadh an Aontais. Go deimhin, is ionann na hacmhainneachtaí breise agus thart ar 5 oiread de thomhaltas iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(155) Mar a thuairiscítear in aithris (91) agus i dTábla 2, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna dumpáilte, a bhíonn idir 10 % agus 15 % níos ísle ar an meán i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, agus leibhéal praghsanna na n-onnmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig margaí tríú tíortha eile á gcur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Síne. Dá dheasca sin, is féidir coinne a bheith ann go réasúnta, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar méideanna arda an táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú chuig an Aontas arís. Treisítear an t-ionchas sin a thuilleadh le hinfhaighteacht na hacmhainneachta breise substaintiúla i nDaon-Phoblacht na Síne.

5.2. Tionchar allmhairí féideartha ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul i léig

(156) Mar a mhínítear i Roinn 4.3.2, rinne an Coimisiún anailís ar an sladghearradh gan bearta frithdhumpála chun an bealach a shuí lena bhféadfadh na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne difear a dhéanamh do thionscal an Aontais dá ndéanfaí na bearta a fhoirceannadh.

(157) Thug an Coimisiún faoi deara in aithris (110) gur léiríodh, le ríomh an tsladghearrtha, meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 4,5 %.

([74]) Tá an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne 5 oiread de thomhaltas iomlán an Aontais sa saormhargadh le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(158) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún ionsamhlúchán chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar gur dhócha a bheadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid airgeadais thionscal an Aontais. Rinneadh dhá chás a shamhaltú, is iad sin borradh ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (i) gan difear a dhéanamh do na praghsanna díola do na chustaiméirí neamhghaolmhara ag tionscal an Aontais agus (ii) titim ar phraghsanna díola san Aontas mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe. Thairis sin, chun costas hipitéiseach an táirgthe a chinneadh, chuir an Coimisiún san áireamh an sciar de na costais sheasta in aghaidh chostais táirgthe iomlán na dtáirgeoirí sampláilte den Aontais.

(159) Ar an gcaoi sin, ghlac an Coimisiún go bhfanfadh tomhaltas an Aontais mar a bhí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, is é sin 18,8 milliún tona, agus ghlac sé go n-onnmhaireodh táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne cainníochtaí chuig an Aontas a chomhfhreagraíonn do sciar den mhargadh 5 % le haghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne mar a bhí le linn na chéad tréimhse imscrúdaithe, is é sin 0,94 milliún tona.

(160) Ghlac an Coimisiún freisin go ndéanfadh 20 % de na hallmhairí iomlána ó Dhaon-Phoblacht na Síne difear do thionscal an Aontais agus go ndéanfadh an 80 % eile difear d'allmhairí ó thríú tíortha eile. Is ar shonraí a chuir táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach atá an t-ionsamhlúchán bunaithe agus is cur chuige coimeádach é sin lena gcuirtear san áireamh go bhfuil meánphraghsanna díola na n-allmhairí ó thríú tíortha eile faoi bhun mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais. Ciallaíonn sé sin gurb é is dóichí a tharlódh go bhfaigheadh allmhairí dumpáilte an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne scair den mhargadh chun aimhleasa thionscal an Aontais ar dtús, sula nglacfaidís an scair den mhargadh atá ag na honnmhairí ó thríú tíortha eile chuig an Aontas. Fiú de réir na toimhdean coimeádaí sin, bheadh caillteanias suas le 23 % ar thionscal an Aontais mar a léirítear thíos. In aon toimhde eile (e.g. 50 %-50 %) bheadh na caillteanais i bhfad níos airde ná sin, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh meath breise ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.

(161) Sa chéad chás, is é sin na praghsanna díola céanna a choinneáil mar a bhí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, thiocfadh laghdú 72 % nó 7,5 pointe céatadáin ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, is é sin le rá -10,4 % go -17,9 %.

(162) Sa dara cás, cinneadh go bhféadfadh laghdú ar phraghsanna dochar mór a dhéanamh. I gcás laghdú ar phraghsanna an Aontais go dtí leibhéal phraghsanna onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha (Praghas CAL ag teorainn an Aontais arna ríomh EUR 499/tona), thitfeadh an brabús ó -10,4 % go -23,2 %.

(163) Sa dá chás, chuirfeadh an tionchar a bheadh ag borradh ar allmhairí Síneacha ar phraghsanna ísle go mór leis an díobháil atá á fhulaingt ag tionscal an Aontais cheana féin.

(164) Ar an mbonn sin, agus ag tabhairt dá aire staid leochaileach reatha thionscal an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar phraghsanna díobhálacha mar gheall ar an easpa beart agus go dtiocfadh meath ar staid fhorbhasách thionscal an Aontais dá thoradh sin, rud a chuirfeadh maireachtáil an tionscail i gcontúirt.

(165) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an dóchúlacht ann go ndéanfaí díobháil arís arbh iad allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis léi i dtosach báire dá n-aisghairfí na bearta.

6. **LEAS AN AONTAIS**

(166) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, a ndáileoirí agus na n-úsáideoirí.

(167) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a dtuairim a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(168) Cé gur chuir na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm bac ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne teacht isteach i margadh an Aontais den chuid is mó, bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus tá a staid leochaileach, mar a dheimhnítear le treochtaí diúltacha na dtáscairí díobhála.

(169) Ar bhonn a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún go bhfuil dóchúlacht láidir ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí ón tír sin ba chúis léi i dtosach báire dá rachadh na bearta in éag. Bheadh rabharta de mhéideanna substaintiúla d'allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ina chúis le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais. D'fhágfadh sé sin go rachadh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, atá an-leochaileach cheana féin, in olcas tuilleadh agus go mbeadh a inmharthanacht faoi bhagairt.

(170) Mheas an Coimisiún sa deireadh dá bhrí sin go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais na bearta frithdhumpála in aghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

6.2. **Leas na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara, na dtrádálaithe neamhghaolmhara agus na n-úsáideoirí neamhghaolmhara**

(171) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na trádálaithe neamhghaolmhara agus na húsáideoirí neamhghaolmhara aitheanta uile. Mar a luadh in aithris (19), fuair an Coimisiún freagra ceistneora amháin a líon úsáideoir amháin isteach. Mhínigh an t-úsáideoir sin go dteastaíonn cobhsaíocht áirithe praghsanna ón margadh agus, dá bhrí sin, nach féidir leis tionchar díchobhsaitheach allmhairí dumpáilte a sheasamh.

(172) Thairis sin, san athbhreithniú éaga roimhe agus san imscrúdú tosaigh, níor léiríodh leis an anailís ar leas an Aontais éifeacht dhiúltach na mbeart ar allmhaireoirí, ar thrádálaithe ná ar úsáideoirí ach oiread, agus thángthas ar an gconclúid go mbeadh an tionchar foriomlán a d'fhéadfadh a bheith ag forchur na mbeart ar ghníomhaíocht na n-úsáideoirí an-teoranta. Ar an gcéad dul síos, ceannaíonn formhór mór na n-úsáideoirí a gcuid slat sreinge ó fhoinsí nach de chuid na Síneacha iad, foinsí atá flúirseach. Ar an dara dul síos, ba cheart an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forchur na mbeart a fheiceáil i bhfianaise na dtáirgí iartheachtacha a bhfuil breisluach ard acu. Ar an mbonn sin, is é an conclúid nach mbeadh tionchar diúltach ag coinneáil na mbeart ar staid reatha na n-úsáideoirí.

(173) Ar an mbonn sin, ní raibh aon chomhartha ann lenar léiríodh go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na hallmhaireoirí agus ar na húsáideoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais.

6.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(174) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a choinneáil ar bun.

7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(175) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúint na dumpála, atarlú na díobhála arbh iad allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ba chúis léi i dtosach báire, agus de réir leas an Aontais, chinn an Coimisiún gur cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí de shlata sreinge ó Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

(176) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(177) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([75]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme.

(178) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar an mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Tugadh tréimhse dóibh freisin lena bhféadfaidís uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Rinne an Coimisiún na barúlacha go léir a fuarthas a mheas.

([75]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht H, Rue de la Loi 170, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(179) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

(180) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([76]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí barraí agus slat, iad teo-rollta agus i gcornaí atá corntha go mírialta, iad as iarann, as cruach neamh-chóimhiotail nó as cruach chóimhiotail seachas cruach dhosmálta ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, atá faoi chóid AC 7213 10 00, 7213 20 00, 7213 91 10, 7213 91 20, 7213 91 41, 7213 91 49, 7213 91 70, 7213 91 90, 7213 99 10, 7213 99 90, 7227 10 00, 7227 20 00, 7227 90 10, 7227 90 50 agus 7227 90 95 faoi láthair.

2. Ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a mhonaraíonn na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Valin Group	7,9 %	A930
Gach cuideachta eile	24,0 %	A999

3. Beidh cur i bhfeidhm an ráta dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na cuideachta a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint agus a shainaithneofar lena ainm/hainm agus lena fheidhm/feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) na slaite sreinge a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo". Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([76]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).